Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Scileanna Tuisceana

## i mBunscoileanna Lán-Ghaeilge

## Leabhrán Foghlama Gairmiúla

## Seisiún 1

# Scileanna éisteachta a fhorbairt



Cad é an dúshlán is mó atá agat maidir le scileanna éisteachta sa rang?

Cad iad na straitéisí atá agat chun na scileanna tuisceana a fhorbairt?

## Éisteacht mar bhunús tuisceana

### An Tréimhse Luathéisteachta

### An Tréimhse Éisteachta

### An Tréimhse Iaréisteachta

# Acmhainní: Seisiún 1


| Suíomh Oide | Pota Focal | Léigh Anois | Snas ar Scéal |
|---|---|---|---|
| Oide | pota focal | LéighAnois | Snas ar Scéal! |
| | | | |
| Féasta Focal | Séideán Sí | Eleathanach | An Tairseach le COGG |
| féasta focal | Séideán Sí | ELeathanach | An Tairseach |
| | | | |

# Gníomhaíochtaí Éisteachta Samplacha ó Sheisiún 1

| Gníomhaíocht | Treoracha Tapaí | Acmhainní | Am | Aois/Leibhéal |
|---|---|---|---|---|
| Lean leis an scéal | Tosaigh Abairt, cuireann an chéad duine eile leis | - | 5-10 nóim | Sóisir: Spreagtha pictiúr<br>Sinsir: Foclóir téamaíochta |
| Dictogloss | Léigh Alt, athstruchtúrú i ngrúpaí | Sliocht téacs | 10-15 nóim | Téacs simplí, Topaicí Ábhartha Mistéir/ Rabhlóga |
| Mistéir Gutha | Seinn gearrthóg fuaime, freagair ceisteanna | Gearrthóg Fuaime | 5-10 nóim | Fuaimeanna éasca |
| Deir Ó Gradaigh(Casta) | Ordaithe ilchéimeanna le Deir Ó Gradaigh | - | 5-7 nóim | Sóisir: Céimeanna simplí<br>Sinsir: Foclóir ábhair |
| Biongó Fuaime | Éist i gcomhair fuaimeanna, Cárta Biongó le líonadh isteach | Cárta Biongó & Fuaim | 10-15 nóim | Sóisir: Fuaimeanna ainmhithe<br>Sinsir: Fuaimeanna foclóra |
| Míreanna Mearaí Éisteachta | Roineann grúpaí eolas chun scéal a chur le chéile | Codanna de scéalta | 15-20 nóim | Sóisir: Amhráin shimplí<br>Sinsir: Amhráin le téamaí |
| Líon na Liricí | Lion isteach na focail atá in easnamh in amhrán | Liricí d'amhráin | 5-10 nóim | Sóisir: Amhráin shimplí<br>Sinsir: Amhráin le téamaí |
| Ról-Imirt Fuaime | Léirigh script fíor shaol | Script Fuaime | 10 nóim | Sinsir: radhairc chruthaitheacha agus téamaí taistil |



# Cúinne Léitheoireachta



primary developments
forás sa bhunscoileacht

**Ábhar Tacaíochta**

GAEILGE/BÉARLA | LÉITHEOIREACHT | Céim 1 agus Céim 2

CURACLAMTEANGA NA BUNSCOILE
GAEILGE/BÉARLA

## Tuiscint Leanaí a Chur Chun Cinn

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

*Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:*

- Rannpháirtíocht
- Cuspóir, seánra agus guth
- Tuiscint

### Tuiscint

Is í an léamhthuiscint an próiseas ina mbaintear brí as teanga scríofa agus ina dtógtar an bhrí sin trí dhul i dteagmháil leis an teanga agus idirghníomhú léi (Grúpa Staidéir Léitheoireachta Rand, 2002). Níl i gceist le **brí a bhaint as teanga** ach tuiscint a fháil ar a bhfuil ráite ag an údar, cibé acu go follasach nó go hintuigthe. Is éard atá i gceist le **brí a thógáil** ná ciall a bhaint as a bhfuil ráite ag an údar trí leas a bhaint as inniúlacht, cumas, eolas agus taithí an fhoghlaimeora.

Idirghníomhaíonn trí phríomhghné lena chéile agus brí á tógáil:




Tá ríthábhacht ag baint leis an tuiscint i ngach cineál léitheoireachta agus tá ról lárnach aici i dtaobh cur chuige cothrom, comhtháite a bhaint amach i leith theagasc na litearthachta.

### Príomhthorthaí Taighde

I dtuairisc IES in 2010, *Improving Reading Comprehension in Kindergarten through 3rd Grade*, rinneadh 5 phríomh-mholadh:

1. A theagasc do na daltaí cén chaoi le straitéisí léamhthuisceana a úsáid.
2. A theagasc do na daltaí cén chaoi le sainaithint a dhéanamh ar struchtúr eagraíochtúil an téacs agus leas a bhaint as sin leis an inneachar a thuiscint, a fhoghlaim agus a choinneáil i gcuimhne.
3. Na daltaí a threorú trí phlé dírithe, ardchaighdeáin ar bhrí an téacs.
4. Téacsanna a roghnú d'aon ghnó d'fhonn tacú le forbairt na tuisceana.
5. Comhthéacs tarraingteach, spreagthach a bhunú inar féidir an léamhthuiscint a theagasc.


www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie/primary

**Leabhar** Cad iad príomhphointí an ailt?

**Ceann** Cad iad na smaointe a spreag an t-alt ionat?

**Lámh** Cén tionchar atá ag an alt seo ar do chur chuige féin?

## Acmhainní: Seisiún 2


| Ag Treorú na Tuisceana | Ag Cothú Fonn Léitheoireachta | Taisce Tuisceana | TG4 Foghlaim |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |
| | | | |

## Seisiún 3

### Conas an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chur chun cinn sa seomra ranga?



# Acmhainní: Seisiún 3

| Microsoft Immersive Reader | abair.ie | Canva | An Ghaeilge do Gach Duine |
|---|---|---|---|
| Immersive Reader | abair.ie | Canva |   |

## Eispéiris foghlama spraíúla a dhearadh agus a roinnt

- Cén rang?
- Cé na scileanna tuisceana?
- Eispéireas
- Acmhainní
- Measúnú
- Toradh Foghlama

Eispéireas nua ar féidir liom cur i bhfeidhm i mo sheomra ranga féin

https://padlet.com/jct2/ag-treoru-na-tuisceana-qbdhdh501isw555x



## MONATÓIREACHT AR THUISCINT

Tá go leor straitéisí anois agam nuair a bhím i bponc maidir le brí an téacs.

**Nodanna úsáideacha**

Nuair a bhím i bponc is feidir liom:
an réamheolas atá agam a úsáid agus mé ag smaoineamh
athléamh
léamh ar aghaidh
ceisteanna agus nascanna a úsáid



## TÁBHACHT A DHEIMHNIÚ

Tuigim teachtaireacht an údair agus na príomhphointí sa téacs.

**Nodanna úsáideacha**

Bhí an téacs seo mar gheall ar...
Ba iad na sonraí is tábhachtaí ná...
Cuirfidh mé líne faoi na focail is tábhachtaí...
Ceapaim go bhfuil .... agus ....tábhachtach



## SPLÉACHADH

Cabhraíonn spléachadh liom eolas a fháil i téacs le cabhair pictiúir, innéacs, gluais.

**Nodanna úsaideacha**

Bíonn eolas ar nós ainmneacha agus dátaí á lorg agam...
Trí mionscrúdú a dhéanamh ar an téacs fuair mé amach go...
Bíonn eolas sna ceannteidil...
Bíonn eolas i gcló iodálach



## COIMRIÚ

Nuair atá coimriú ar siúl agam bím ag smaoineamh mar gheall ar cad atá léite agam agus ag díriú isteach ar na gnéithe tábhachtacha.

**Nodanna Úsáideacha**

Ar dtús, ansin, ina dhiaidh sin, ar deireadh....
Measaim gurb é cuspóir an údair ná ...



## COMPARÁID

Nuair atá comparáid á dhéanamh agam , feicim cad atá mar an gcéanna agus éagsúil!

**Nodanna Úsáideacha**

Is féidir liom carachtair, suíomhanna agus eachtraí a chur i gcomparáid....
Tá seo mar an gcéanna le....
Tá seo éagsúil ó....



## SINTÉIS

Nuair a bhíonn na straitéisí ar fad á úsáid agam le heolas nua a cheangal le réamh eolas chun tuiscint a fháil bíonn sintéis ar siúl agam.

**Nodanna Úsáideacha**

Tá sé agam anois!
Cuireann seo ... i gcuimhne dom
D'fhoghlaim mé ..
Tuigim seo mar...
Cabhraíonn an píosa seo liom tuiscint a fháil ar ...



## NASC A DHÉANAMH

Uaireanta agus mé ag léamh bím in ann nasc a dhéanamh le rud éigin atá ar eolas agam cheana!

**Nodanna Úsáideacha**

Cuireann sin an uair go raibh……i gcuimhne dom
Cuireann sin ……i gcuimhne dom..
Nuair a bhí mé óg is cuimhin liom.....
Tá seo an cosúil le sin...



## SRACFHÉACHAINT

Má thugaim sracfhéachaint tapa trí théacs gheobhaidh mé tuairim faoi ábhar an téacs.

**Nodanna Úsáideacha**

Tá a fhios agam ó srachfhéachaint a thabhairt ar an téacs go.....
Measaim go mbeidh seo úsáideach mar feicim ó na ceann teidil go bhfuil....




## TÁTAL

Bíonn orm tátal a dhéanamh uaireanta agus mé ag léamh. Nuair nach dtugann an t-údar freagra ar mo cheisteanna déanaim tátal.

**Nodanna Úsáideacha**

Tar éis an téacs a léamh ceapaim go...
Is dócha....
D'fhéadfadh go....



## TUAR

Nuair a bhím ag smaoineamh ar cad a thitfidh amach tré féachaint ar phictiúr agus an téacs a léamh cabhraíonn sé liom cad atá i gceist a tuiscint.

**Nodanna úsáideacha**

Ceapaim go bhfuil an scéal seo mar gheall ar……
Déanaim tuar go …… ar ball……
Chomh fada le m' eolas....
Ní dóigh liom....



## FÉIN-CHEISTIÚ

Cabhraíonn féin-cheistiú liom an téacs a thuiscint. Bí cinnte ceisteanna a chur roimh, le linn agus tar éis na léitheoireachta!

**Nodanna úsáideacha**

N'fheadar...
Conas sin…?
Cad é do mheas?
Cé... Cad... Cá...
Cathain...
Cén brí a bhí leis sin?



## ÍOMHÁNNA A CHRUTHÚ

Má chruthaím pictiúr i mo cheann agus mé ag léamh cabhraíonn sé liom an téacs a thuscint níos fearr!

**Nodanna úsáideacha**

Feicim.....agus seo á léamh agam...
Bolaim, cloisim, blaisim,
Mothaím.....
Feicim pictiúr i mo cheann...